



## Samhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM)

### Leibhéal 5 – Treoirlínte maidir le hlarratas ar Dheontas Caipitil

## Clár Ábhair

<b>Mír 1: An tSamhail Rochtana agus Chuimsithe</b> .....	3
<b>Mír 2: Faisnéis Airgeadais</b> .....	4
<b>2.1 Deontais Chaipitil Leibhéal 5 atá ar Fáil</b> .....	4
<b>2.2 D'Iarratas a Ullmhú</b> .....	4
<b>Mír 3: Critéir Incháilitheachta</b> .....	4
<b>3.1 Riachtanais Íosta</b> .....	4
<b>3.2 Faisnéis/Cáipéisí a theastaíonn ón bpróiseas iarratais</b> .....	4
<b>Catagóirí Incháilithe Caipitil</b> .....	6
<b>Mír 4: Treoir Céim ar Chéim maidir leis an bhFoirm Iarratais ar Chaipiteal a chomhlánú</b> .....	7
<b>4.1 Sonraí faoin Iarratasóir</b> .....	7
<b>4.2 Deimhnithe</b> .....	7
<b>Toiliú Feasach</b> .....	7
<b>4.3 Sonraí faoin Leanbh agus faoin Tuismitheoir</b> .....	7
<b>4.4 Tacaíochtaí Sláinte</b> .....	8
<b>4.5 Iarratas ar Chistiú Caipitil</b> .....	8
<b>Mionathruithe</b> .....	9
<b>Tuairisc ó Ghairmí Ainmnithe</b> .....	9
<b>Costais agus Riachtanais Soláthair Phoiblí</b> .....	10
<b>Trealamh</b> .....	11
1. Iarratais ar threalamh do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú amhairc nó atá bodhar/leathbhodhar.....	11
2. Iarratais ar threalamh i dtaobh gach saghais eile de mhíchumas.....	12
<b>An tIarratas an Sheoladh ar Aghaidh</b> .....	12
<b>Mír 5: Na Chéad Chéimeanna Eile agus Tacaíochtaí Breise</b> .....	13
<b>Tacaíochtaí Breise:</b> .....	133

## Mír 1: An tSamhail Rochtana agus Chuimsithe

I Samhain 2015, sheol an Rialtas *Tuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh ar Thacú le Rochtain ar Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) do Leanaí faoi Mhíchumas*. Leagtar amach sa tuarascáil fíís shoiléir le haghaidh samhail chuimsithe tacaíochtaí leanbhleáraithe a chinnteoidh gur féidir le leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar agus páirt bhríoch a ghlacadh i gClár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha. Is éard a bhaineann leis an tsamhail seo, ar a dtugtar an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe nó AIM, ná seacht leibhéal de thacaíocht fhorásach, tacaíocht uilíoch go tacaíocht ardspríochta ina measc, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais an linbh agus na réamhscoile araon.

Forbraíodh na treoirlínte seo chun tacú le Soláthraithe Seirbhíse Luathbhlianta agus le tuismitheoirí chun Foirm Iarratais ar Dheontas Caipitil Leibhéal 5 AIM a chomhlánú. Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, iarratas a dhéanamh ar threalamh, fearais nó deontas caipitil i dtreo costais mhionathruithe ar an suíomh réamhscoile. Déantar seo tríd an gcuid ábhartha den fhoirm iarratais ar an PIP a chomhlánú.

Spregtar iarratasóirí chun iarratas a dhéanamh a luaithe agus is féidir ar thacaíochtaí leibhéal 5 agus b'fhéarr dá ndéanfaidís amhlaidh trí mhí sula gcláraítear an leanbh i suíomh COLÓ. Léirítear san amfhráma seo an gá atá le hiarratais a phróiseáil, anuas ar an am a theastaíonn chun mionobreacha caipitiúla a chur i gcrích nó chun socrú a dhéanamh go soláthrófar trealamh.

Sa chás nach mbíonn na hiarratasóirí cinnte faoin trealamh, na fearais nó na mionathruithe a bhféadfadh bheith ag teastáil uathu, féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh leis an Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) chun teacht ar chomhairle. Mar rogha air sin, má tá seirbhísí á bhfáil ag an leanbh cheana féin ó FSS, d'fhéadfadh na hiarratasóirí teagmháil a dhéanamh le FSS chun teacht ar chomhairle.

### 1.1 An Sainmhíniú ar Ríthábhachtach maidir le Rannpháirtíocht

Meastar go bhfuil seirbhísí **ríthábhachtach maidir le rannpháirtíocht** i gclár COLÓ sa chás go gcomhaontaítear go réasúnta nach bhfuil an leanbh, in éagmais na seirbhísí siúd agus seirbhísí agus tacaíochtaí eile reatha nó iad siúd atá ar fáil á gcur san áireamh, in ann an méid a leanas a dhéanamh:

- i. rochtain a fháil ar shuíomh na réamhscoile i ngeall ar bhacainní timpeallachta,
- ii. tús a chur le clár COLÓ,
- iii. leanúint le bheith rannpháirteach i gclár COLÓ, nó
- iv. rannpháirtíocht bhríoch a bheith aige/aici sna gníomhaíochtaí a sholáthraítear mar chuid de chlár COLÓ,

Comhaontaítear, anuas air sin, go gcabhróidh soláthar na seirbhísí ar leith lena chinntiú gur féidir leis an leanbh rochtain a fháil ar chlár COLÓ agus rannpháirtíocht bhríoch a bheith acu ann.

Chun rannpháirtíocht bhríoch a bheith ag leanbh sa chlár, ba cheart go gcumasófaí leanaí atá faoi mhíchumas chun a lánchumas a bhaint amach i dtaobh eispéireas a bheith acu ar scileanna agus ar dheiseanna nua, agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus idirghníomhaíocht shóisialta go gníomhach lena bpiarghrúpa.

## Mír 2: Faisnéis Airgeadais

### 2.1 Deontais Chaipitil Leibhéal 5 atá ar Fáil

Féadtar iarratas a dhéanamh ar thrí shaghas de thacaíochtaí trí Fhoirm Iarratais ar Chaipiteal Leibhéal 5 AIM.

I measc na dtacaíochtaí, tá an méid seo a leanas:

- A) Cistiú caipitil i dtreo mionathruithe;
- B) Trealamh do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú amhairc nó atá bodhar/leathbhodhar;
- C) Trealamh do leanaí atá faoi gach saghas eile de mhíchumas.

## 2.2 D'Iarratas a Ullmhú

Próiseas rollach iarratais is ea seo, i.e. níl aon spriocdháta ann, ach tá méid teoranta cistithe ar fáil don bhliain 2016, áfach.

Déan breithniú, le do thoil, le tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir an linbh ar cén tacaíochtaí caipitil a theastaíonn agus lena mbaineann ríthábhacht le rochtain agus rannpháirtíocht bhríoch an linbh i gclár COLÓ i do sheirbhís a chumasú. Déan breithniú air seo i gcomhthéacs an tsainmhínte thuas ar ríthábhachtach maidir le rannpháirtíocht.

Lorg chomhairle ó do Choiste Cúram Leanaí Cathrach nó Contae, nó do sholáthraí seirbhíse míchumais, agus ón tseirbhís Speisialaithe Luathbhlianta, faoi mar is gá.

## Mír 3: Critéir Incháilitheachta

### 3.1 Riachtanais Íosta

Sula gcuirtear tús leis an bhfoirm iarratais, cinntigh, le do thoil, go gcomhlíonann tú na riachtanais incháilitheachta a leanas:

- ✓ Bheith mar sheirbhís reatha atá ina shuíomh cláraithe réamhscoile faoi chonradh beo an RLGÓ chun Clár COLÓ a sholáthar.
- ✓ Ní mór go gcáilítear an leanbh chun tús a chur le clár COLÓ idir Meán Fómhair 2016 agus Aibreán 2017, i.e. gur rugadh é/í idir an 1 Eanáir 2017 agus an 31 Márta 2014.
- ✓ Ní mór an t-iarratas seo a dhéanamh i gcomhar le tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir an linbh agus ní mór gur sholáthair an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir a dtoiliú sínithe chun iarratas a dhéanamh thar a gceann.
- ✓ A chinntiú go gcuirtear/go gcuirfear clár COLÓ ar fáil on leanbh.
- ✓ Ní mór go bhfuil an tseirbhís comhlíontach i dtaobh cánach agus go bhfuil Deimhniú Imréitigh Cánach bailí nó Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) bhailí agus Uimhir Chláraithe Cánach (UCC) bhailí ag an tseirbhís.

### 3.2 Faisnéis/Cáipéisí a theastaíonn ón bpróiseas iarratais

Sa chás go sainaithnímid go bhfuil faisnéis ar iarraidh nó go dteastaíonn soiléiriú ó fhaisnéis, féadfaimid teagmháil a dhéanamh leat mar chuid dár bpróiseas breithmheasa. Má thugann tú earráid faoi deara i d'iarratas i ndiaidh gur seoladh ar aghaidh é, iarrtar ort sinn a chur ar an eolas trí ríomhphost a sheoladh chuig [aimteam@pobal.ie](mailto:aimteam@pobal.ie) (ná seol sonraí íogaire ar ríomhphost).

**Tabhair faoi deara, le do thoil:** Mura seoltar an cháipéisíocht go léir a theastaíonn ar aghaidh, d'fhéadfadh go measfaí go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán/neamh-incháilithe.

**Tábla 1 Faisnéis/Cáipéisíocht a Theastaíonn**

Toiliú Feasach AIM atá comhlánaithe agus sínithe ag an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir.

**Faisnéis faoin leanbh:**

- Ainm lomlán
- Dáta breithe
- Inscne
- UPSP nó Uimhir Aitheantais/Aitheantas Próifíle reatha clárúcháin COLÓ
- Dáta tosaithe beartaithe agus an líon laethanta sa tseachtain (murar cuireadh tús leis cheana féin)

**Faisnéis faoin Tuismitheoir/Caomhnóir/Cúramóir**

- Ainm lomlán
- Uimhir theagmhála
- Ríomhphost teagmhála
- Seoladh cónaithe

**Tuarascálacha ag gairmí ainmnithe chun tacú leis an bhfoirm iarratais:**

- Braitheann saghas na tuairisce ar cén tacaíocht a bhfuil iarratas á dhéanamh uirthi.

**- Mionathruithe:**

- Ailtire,
- Innealtóir,
- Teiripeoir saothair atá ag oibriú le haghaidh nó thar ceann FSS, nó an chatagóir eile sin de ghairmí sláinte agus cúraim shóisialta a fhéadfaidh Pobal a aithint, i gcomhairle leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Sláinte, chun críocha na scéime seo.

**- Trealamh (áiseanna agus fearais do leanaí dala/ar a bhfuil lagú amhairc nó bodhra/leathbhodhra):**

- Litir Mholta ó Mhúinteoir ar Cuairt, nó
- Teiripeoir saothair a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS, nó
- Teiripeoir urlabhra agus teanga a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS.

**- Trealamh (áiseanna agus fearais do gach saghas eile de mhíchumas):**

- Teiripeoir saothair a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS, nó
- Fisiteiripeoir a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS.
- Teiripeoir urlabhra agus teanga atá ag oibriú le haghaidh nó thar ceann FSS, nó an chatagóir eile sin de ghairmí sláinte agus cúraim shóisialta a fhéadfaidh Pobal a aithint, i gcomhairle leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Sláinte, chun críocha na scéime seo.

**Meastacháin**

- Trealamh (áiseanna agus fearais) – neamhriachtanach
- Mionathruithe – ní mór duit an meastachán a roghnaíodh a cheangal le d'iarratas.
- Is é an deontas Uasta lomlán incheadaithe €7,000, CBL san áireamh.
- Féach na rialacha a bhaineann le soláthar poiblí i mír 4.5a thíos, le do thoil

**Tabhair faoi deara, le do thoil:** Má sheoltar na tuairiscí a shonraítear sa tábla thuas ar aghaidh, níor cheart go mbeadh measúnú iomlán sláinte le seoladh ar aghaidh. Níl measúnuithe príobháideacha incháilithe lena gcur san áireamh san iarratas. **Mura bhfuil measúnú ar fáil nó má rinneadh an measúnú go príobháideach, féadfaidh an**

tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir, i dteannta bhainisteoir na réamhscoile, Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Leibhéal 4 chun iarraidh ar thacaíocht chun Leibhéal 5 a rochtain.

## Catagóirí Incháilithe Caipitil

### Mionathruithe Incháilithe

Mionathruithe a bhaineann le rochtain isteach/amach ó shuíomh na réamhscoile

Mionathruithe a bhaineann le rochtain chuig/ó limistéir súgartha

Mionathruithe a bhaineann le hathchumrú limistéir leithris agus friothála

Mionathruithe a bhaineann le hathchumrú laistigh de sheomra COLÓ chun éascaíocht rochtana agus spás ciúin a éascú

Mionathruithe eile a shonraíonn an t-iaratasóir (*déanfar breithniú ar chásanna eisceachtúla nach dtagann faoi chuimsiú na gcatagóirí thuas ar bhonn cás ar chás*)

### Áiseanna agus Fearais Incháilithe

Catagóir	Cur Síos
Rampa Iniompartha	Rampaí iniompartha nó sealadacha de shaghas tairsí
Cathaoireacha Speisialaithe	Cathaoireacha inchoigeartaithe ag a bhfuil oiriúintí – i.e. tacaí coise, tacaí uillinne, tacaí droma, suíocháin choirre, cúisíní peilbheacha. Binsí inchoigeartaithe, chomh maith.
Tábla Friothála/Binse Altranais	Tábla friothála nó binse altranais le hairde inchoigeartaithe.
Crocháin agus Guailleáin	Crocháin agus guailleáin shoghluaiste chun leanaí a aistriú.
Tacaí Suite	Cathaoireacha cúinne, dingeacha, rollaí, cúisíní gluaiseachta agus suite
Tacaí Leithris	Tacaí leithris, ar nós an mhéid a leanas; suíocháin oiriúnaithe leithris, cúisíní taca leithris, tacaí uillinne agus coise inchoigeartaithe, laghdaitheoirí fáinne cró, suíochán os cionn an leithris, pota beag agus cathaoir leithris aonair ar a bhfuil tacaí uillinne agus coise.
Earraí a bhaineann le Teiripe	Mataí teiripe Earraí chun cothromaíocht nó comhordú a fhorbairt (liathróidí teiripe / pis talún, etc.) Earraí ilchéadfacha.
Earraí oiliúna coisíochta, áiseanna seasaimh agus frámaí seasaimh	Earraí oiliúna coisíochta atá deartha chun cothromaíocht a fhorbairt agus cabhrú le leanaí chun foghlaim conas siúl gan chabhair. Áiseanna seasaimh agus frámaí seasaimh chun tacú le leanaí atá thíos le saincheisteanna suntasacha luaineachta chun seasamh ar feadh tréimhsí i gcaitheamh an lae.
Teicneolaíocht agus Trealamh Cúnta do leanaí atá bodhar/leathbhodhar nó atá dall/ar a bhfuil lagú amhairc.	Trealamh do dhaltaí ar a ndearnadh measúnú amhail bheith dall/lagú amhairc bheith orthu nó atá bodhar/leathbhodhar agus óna dteastaíonn trealamh speisialaithe d'fhonn rochtain a fháil ar churaclam COLÓ.
Earraí Dúblacha	Go ginearálta, ní bheidh earraí a theastaíonn ó leanbh lasmuigh de shuíomh COLÓ incháilithe faoin scéim seo. Sa chás go bhfuil píosa trealaimh ríthábhachtach maidir le rannpháirtíocht linbh i gclár COLÓ ach nach féidir é a iompar ón mbaile, d'fhéadfadh earra dúblach a bheith incháilithe.

Ábhar súgartha agus foghlama	Cé go mbeidh súil leis go bhfuil réimse bréagán agus ábhar foghlama i suíomh COLÓ atá oiriúnach do gach leanbh, leanaí ina measc nach bhfuil an fhorbairt chéanna déanta acu i roinnt limistéir forbartha atá déanta ag a bpiaraí, d'fhéadfadh bréagáin oiriúnaithe agus ábhar foghlama a bhaineann le teiripe a bheith incháilithe faoin scéim seo.
Eile	Ba cheart iarratas a dhéanamh ar threalamh nach bhfuil liostaithe faoi na catagóirí thuas faoin gcatagóir seo. Déanfar breithniú ar bhonn cás ar chás ar threalamh a ndéantar iarratas air faoi "Eile". Bainfear cinntí cistithe amach bunaithe ar an ábhar tacaíochta a sholáthraítear.

## Mír 4: Treoir Céim ar Chéim maidir leis an bhFoirm Iarratais ar Chaipiteal a chomhlánú

### 4.1 Sonraí faoin Iarratasóir

Déanfar an mhír seo a uathchomhdú tríd an PIP.

### 4.2 Deimhnithe

Sa mhír seo, iarrtar ort a dheimhniú, trí thic a chur sna boscaí a sholáthraítear, go gcomhlíonann tú gach ráiteas a liostaítear.

#### Toiliú Feasach

- ✓ Cinntigh gur léigh agus gur thuig tú féin agus an tuismitheoir an Ráiteas Príobháideachais
- ✓ Déan cóip de 'Toiliú Feasach' a asphriontáil d'fhonn go léifidh agus go síneoidh an tuismitheoir/caomhnóir é.
- ✓ Scan agus ceangail an fhoirm shínithe 'Toiliú Feasach' leis an iarratas, faoi mar a threoraítear.

### 4.3 Sonraí faoin Leanbh agus faoin Tuismitheoir


Bailítear sa mhír seo faisnéis bhunúsach faoin tuismitheoir agus faoin leanbh, **lena n-áirítear uimhir PSP an linbh** a úsáidtear mar aitheantóir uathúil i gcóras an PIP. Sa chás gur chláraigh leanbh COLÓ cheana féin ar an PIP, féadtar an uimhir Chláraithe nó Uimhir Aitheantais na Próifíle a úsáid, anuas ar ainm iomlán agus dáta breithe an linbh seachas an UPSP nuair a sheoltar iarratas an linbh ar aghaidh ar an PIP.

#### Fabhtcheartú:

<b>An Fhoirm a Shábháil mar DHRÉACHT</b>	Féadtar an tIarratas ar Chaipiteal a shábháil mar dhréacht sula seoltar ar aghaidh é chuig an PIP. Clliceáil an cnaipe 'Sábháil mar Dhréacht', le do thoil, ag bun an leathanaigh. A luaithe a iontráiltear UPSP an linbh ar an bhfoirm iarratais, áfach, ní mór an t-iarratas a sheoladh ar aghaidh nó ní mór an UPSP a bhaint chun an fhoirm a shábháil mar dhréacht.
<b>Níor Bailíochtaíodh UPSP an Linbh</b>	Sa chás nach ndéantar UPSP an linbh a bhailíochtú, tabharfaidh an PIP leid duit chun Iarraidh a sheoladh chuig an tSeirbhís Bailíochtaíodh UPSP. Iarrtar ort fianaise i leith an UPSP a cheangal, nuair a theastaíonn seo. A luaithe a cheanglaítear an Iarraidh ar an tseirbhís UPSP, is féidir an fhoirm iarratais a cheangal.
<b>Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Leibhéal 4 a úsáid chun tús a chur le hIarratas ar Chaipiteal Leibhéal 5</b>	Is féidir rogha na hIarrata ar Sheirbhís a úsáid chun faisnéis bhreise a sheoladh ar aghaidh faoi leanbh/an suíomh. Má tá Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Leibhéal 4 á comhlánú agat, chomh maith, chun rochtain a fháil ar Thacaíochtaí Deontas Caipitil Leibhéal 5, cinntigh, le do thoil, go gcuireann tú nóta san áireamh trí Rogha na hIarrata ar Sheirbhís 'Eile' a úsáid, ina luaitear gur mian leat iarratas a dhéanamh ar chistiú caipitil, chomh maith.
<b>Faisnéis Bhreise a Sheoladh ar Aghaidh</b>	Sa chás gur mian leat (nó sa chás go n-iarrann Pobal ort chun) faisnéis bhreise a sheoladh ar aghaidh faoi leanbh/suíomh, iarrtar ort rogha na hIarrata ar Sheirbhís 'Eile' a úsáid. Féadtar

cáipéisí breise a cheangail anseo, faoi mar a theastaíonn. Tabhair faoi deara, má sheoltar na tuairiscí cuí gairmithe ar aghaidh, níor cheart go mbeadh ar sheirbhísí agus tuismitheoirí measúnuithe iomlána a sheoladh ar aghaidh.

**Rogha na hlarrata ar Sheirbhís 'Eile' a Úsáid:** - Faoi **larrataí ar Sheirbhís**, roghnaigh '**Cuir Iarrata ar Chlárúchán Leis**', le do thoil



#### 4.4 Tacaíochtaí Sláinte

Féadfaidh iarratasóirí cur síos a chur san áireamh ar cén seirbhísí sláinte a moladh agus/nó a soláthraíodh mar thoradh ar mheasúnú faoinar thug gairmí cúram sláinte atá ag oibriú le haghaidh nó thar ceann FSS.

Lena chinntiú gur féidir leis an bhfoireann bhreithmheasa measúnú iomlán a dhéanamh ar an iarratas, agus nuair a chuirtear san áireamh nach bhfuil ach buiséad teoranta ar fáil, is tábhachtach an cháipéisíocht agus an fhaisnéis riachtanach tacaíochta a sholáthar chun fianaise a sholáthar don ghá atá leis na mionathruithe agus/nó an trealamh ar iarradh orthu.

**Tabhair faoi deara, le do thoil: Ní féidir breithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe príobháideacha faoi Chistiú Caipitil Leibhéal 5 AIM.**

Chun rochtain a fháil ar Dheontais Chaipitil Leibhéal 5 gan measúnú nó i ndiaidh measúnú príobháideach a dhéanamh, iarrtar ort Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Leibhéal 4 a chomhlánú chun iarraidh ar mheasúnú ó ghairmí ainmnithe atá ag oibriú le haghaidh nó thar ceann FSS agus go gcuireann tú nóta san áireamh trí Rogha na hlarrata ar Sheirbhís 'Eile' a úsáid, ina luaitear gur mian leat iarratas a dhéanamh ar chistiú caipitil chomh maith.

#### 4.5 Iarratas ar Chistiú Caipitil

Ní mór duit a thabhairt le fios cén saghas tacaíochtaí caipitil a theastaíonn agus atá ríthábhachtach leis an leanbh a chumasú chun páirt a ghlacadh i gclár COLÓ.

Is iad na saghsanna ar féidir iarratas a dhéanamh orthu:

- A) Mionathruithe;
- B) Trealamh do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú amhairc nó atá bodhar/leathbhodhar; nó
- C) Trealamh do leanaí atá faoi gach saghas eile de mhíchumas.


*Tabhair faoi deara, le do thoil: Féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar mhionathruithe agus ar threalamh.*

#### Mionathruithe

Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, iarratas a sheoladh ar aghaidh ar dheontas caipitil i dtreo costais mhionathruithe.

Is iad seo a leanann na saghsanna mionathruithe atá incháilithe faoi chistiú Caipitil AIM:





I measc na mionathruithe, féadtar daingneáin, feistis agus landairí (seasta agus iniompartha), ach sa chás go bhfuil gné threalaimh i gceist (féach an liosta trealamh), iarrtar ort tic a chur sa dá bhosca chun iarratas a dhéanamh ar dheontas mionathraithe agus trealamh araon.

#### Tuairisc ó Ghairmí Ainmnithe

Ba cheart go ngabhadh tuairisc ghearr ag **'gairmí ainmnithe'** le hiarratas a thugann le fios cineál na n-oibreacha mionathraithe a bheartaítear agus go ndeimhnítear sa tuairisc an méid a leanas:

- teastaíonn** na hoibreacha mionathraithe agus **baineann ríthábhacht leo** chun rannpháirtíocht an linbh a chumasú i gclár COLÓ sa réamhscoil ábhartha, agus
- go gcomhlíonann na hoibreacha mionathraithe a bheartaítear *na Rialacháin Foirgníochta (Leasú Chuid M), 2010*, agus
- ceanglófar ar an soláthraí seirbhíse a dheimhniú nach measfar go bhfuil an suíomh réamhscoile neamhchomhlíontach i dtaobh [Rialacháin an Achta um Chúram Leanáí \(Seirbhísí Luathbhlianta\), 2016](#) mar thoradh ar na hoibreacha mionathraithe.

Ar mhaithe le cuspóirí na catagóire seo, tá gairmí ainmnithe teoranta do na gairmeacha a leanas:

- ailtire,
- innealtóir,
- teiripeoir saothair a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS, nó
- an chatagóir eile sin de ghairmí sláinte agus cúraim shóisialta a fhéadfaidh Pobal a aithint, i gcomhairle leis an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Sláinte, chun críocha na scéime seo.

#### Tabhair faoi deara, le do thoil:

- Is féidir an tuairisc chéanna ó ghairmí ainmnithe le haghaidh (iii) agus (iv) a úsáid i dtaobh mionathruithe agus trealamh araon. Is féidir teacht ar shamplaí de na tuairiscí ar leathanach gréasáin AIM ag [www.preschoolaccess.ie](http://www.preschoolaccess.ie).
- Sa chás go bhfuil mionathruithe á moladh ag gairmí ainmnithe ó (iii) nó (iv) thuas, b'fhéidir go mbeidh treoir bhreise le fáil ó d'ailtire/innealtóir (i) agus (ii) maidir le cén athruithe sonracha a theastaíonn chun an méid a mholtar a chomhlíonadh agus chun comhlíonadh Chuid M de na rialacháin foirgníochta a chinntiú. Féadfaidh

tú iarratas a dhéanamh ar a mhéid le €300 (CBL san áireamh) chun íoc as na costais a bhíonn ar thuairisc d'aitire nó d'innealtóra.

- Dearadh teimpléad do thuairisc ghearr atá le húsáid ag gairmithe cúram sláinte a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS go sonrach ar mhaithe le cuspóir Chaipiteal AIM. Féach leathanach gréasáin AIM chun teacht ar chóipeanna den teimpléad. **Ní féidir ach le FSS nó gairmithe cúram sláinte atá cistithe ag FSS an teimpléad seo a úsáid. Ba cheart do d'aitire/innealtóir a dtuairiscí féin caighdeánacha a úsáid agus ba cheart dóibh bheith ar pháipéar ceanteidil.**
- Ní mór go mbaineann an Tuairisc ghearr ó Ghairmí:
  - a) Go sonrach le leanbh ainmnithe
  - b) Go sonrach leis an suíomh réamhscoile ar a bhfuil an leanbh ag freastal

## Costais agus Riachtanais Soláthair Phoiblí

### Don iarratas seo:

- Ní mór duit an meastachán a roghnaíodh a cheangal leis an iarratas, i gcomhréir le soláthar poiblí, chun tacú leis an méid den deontas a iarradh. Sa chás nár roghnaíodh an meastachán ab ísle, ní mór réasúnaíocht shoiléir agus dhaingean a sholáthar.
- Iarrfar ort a dheimhniú go gcomhlíonfaidh tú ceanglais soláthair reachtúil go hiomlán i dtaca le haon Deontas a bhronntar.
- B'fhéidir go n-iarrfar ort ag aon chéim den phróiseas chun fianaise a sholáthar gur lean tú na riachtanais soláthair poiblí, ina measc céim an iarratais, an bhreithmheasa, an réamhchonartha, na réamhíocaíochta agus an fhíoraithe. Iarrfar ort taifid a choimeád ar feadh 7 mbliana a luaithe go ndearnadh an íocaíocht deiridh.

### Táillí Gairmiúla

- I gcás an ghairmí a ainmnítear ag (i) nó (ii) thuas, féadfaidh an soláthraí seirbhíse iarratas a dhéanamh ar ranníocaíocht i dtreo chostas aon táillí gairmiúla.
- Ba cheart go n-áireofaí meastachán bailí amháin le haghaidh táillí gairmiúla leis an iarratas.
- Ní bheidh feidhm ag aon táille ghairmiúil i gcás an ghairmí a ainmnítear ag (iii) nó (iv) mar gheall go mbeidh siad ag oibriú le haghaidh nó thar ceann FSS.

### Miondealú achomair ar chostais de réir shaghas an mhionathraithe

- Costas na mionathruithe a bheartaítear de réir shaghas an mhionathraithe aonair
- Costas iomlán na mionathruithe a bheartaítear (ar cheart suim an mhéid thuas a bheith i gceist leis)
- Costas iomlán tháillí an ailtire/an innealtóra, más infheidhme, (is féidir iarratas a dhéanamh ar €300, ar a mhéid, CBL san áireamh)
- Costas iomlán na mionathruithe agus na dtáillí gairmiúla
- Méid iomlán an deontais a iarrtar (is féidir iarratas a dhéanamh ar an uasmhéid €7,000, CBL san áireamh, a chumhdaíonn mionathruithe agus táillí gairmiúla araon)
- Cistí féin chun an tionscadal a chríochnú – sa chás go sáraíonn na costais iomlána €7,000 (CBL san áireamh), is é seo an méid a ranníocann an soláthraí seirbhíse óna gcistí féin.

### Riachtanais Soláthair Phoiblí

Beidh ar gach iarratasóir cloí le treoirínte soláthair poiblí maidir le mionathruithe. Braithfidh líon na meastachán/na dtairiscintí ar chostas iomlán an togra. Bunaítear an riachtanas seo ar threoirínte maidir le soláthar poiblí d'Éirinn.

- Is é an deontas uasta ar féidir iarratas a dhéanamh air faoi Dheontas Caipitil Leibhéal 5 AIM **€7,000**.
- Braitheann líon na meastachán/na dtairiscintí a theastaíonn ar chostas iomlán an tionscadail, a bhféadfadh €7,000 nó os a chionn sin a bheith i gceist leis.
- Tá sé tábhachtach go mbíonn aird agat ar na rialacha soláthair phoiblí agus go seolann tú an líon riachtanach meastachán/tairiscintí bunaithe ar **CHOSTAS IOMLÁN AN TIONSCADAIL**.

### Tábla 2 Riachtanais Soláthair Phoiblí

Costais	Líon na meastachán/na dtairiscintí a theastaíonn
I dtaobh oibreacha foirgníochta agus deisiúcháin a chosnaíonn níos lú ná nó cothrom le €5,000	Teastaíonn meastachán/tairiscint scríofa amháin
I dtaobh oibreacha foirgníochta agus deisiúcháin a chosnaíonn níos mó ná €5,000 nó níos lú ná nó cothrom le €25,000	Teastaíonn 3 mheastachán/thairiscint scríofa, ar a laghad
Sa chás go sáraíonn costas iomlán na n-oibreacha caipitil €25,000	Lean na treoirínte soláthair phoiblí le haghaidh soláthairtí agus seirbhísí
<p><b>Tabhair faoi deara, le do thoil:</b> go measfar go bhfuil meastachán bailí, ní mór go gcuimsítear an fhaisnéis a leanas ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• A bheith dátaithe laistigh de 3 mhí sula ndearnadh an t-iarratas</li> <li>• Bheith ar pháipéar ceanteidil</li> <li>• Uimhir CBL nó deimhniú nach bhfuil an soláthraí cláraithe do CBL a bheith san áireamh</li> <li>• A bheith miondealaithe go soiléir</li> <li>• Sa chás go gceanglaítear breis agus meastachán amháin, ní mór go bhfuil siad ó sholáthraithe éagsúla.</li> </ul>	
<p><b>Earraí/Oibreacha Iolracha ón Soláthraí céanna:</b> Sa chás go mbeartaíonn chun go ndéanfaidh an soláthraí céanna píosaí iolracha oibre agus go bhfuil an costas iomlán níos lú ná €5,000, CBL san áireamh, is leor meastachán amháin a fhad agus go gcomhlíonann an meastachán na riachtanais a shonraítear thuas. Ní féidir leat costais na n-oibreacha caipitil a dheighilt i measc soláthraithe iolracha chun tairseacha soláthair phoiblí a sheachaint.</p>	
<p>Seo nasc leis na <a href="#">treoirínte soláthair phoiblí</a></p>	

### Trealamh

1. Iarratais ar threalamh do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú amhairc nó atá bodhar/leathbhodhar Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, iarratas a sheoladh ar aghaidh ar threalamh maidir le leanbh atá dall/ar a bhfuil lagú amhairc nó atá bodhar/leathbhodhar. **Is féidir teacht ar threalamh speisialaithe i Mír 3.**

Ba cheart go ngabhfadh tuairisc ghearr ag gairmí ainmnithe le hiarratas a shonraíonn an trealamh cruinn a lorgaítear agus a dheimhníonn an méid a leanas:

- Tá an trealamh a bheartaítear riachtanach agus rithábachtach chun rannpháirtíocht an linbh a chumasú i gclár COLÓ sa réamhscoil ábhartha, agus
- Níl an trealamh a bheartaítear ar fáil cheana féin i suíomh na réamhscoile nó ní féidir é a aistriú chuig agus a úsáid i suíomh na réamhscoile.

Ar mhaithe le cuspóirí na catagóire seo, tá gairmí ainmnithe teoranta do na gairmeacha a leanas:

- múinteoir ar cuairt, nó

- (ii) teiripeoir saothair a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS, nó
- (iii) teiripeoir urlabhra agus teanga a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS.

I gcás an Mhúinteora ar Cuairt, is gnách go dtugtar ‘litir mholta’ ar an tuairisc seo. Baineann an litir mholta agus na tuairiscí ó ghairmí ainmnithe go sonrach leis an leanbh COLÓ a ainmnítear san iarratas agus baineann siad go sonrach le suíomh na réamhscoile. Féach leathanach gréasáin AIM ag [www.preschoolaccess.ie](http://www.preschoolaccess.ie) chun teacht ar shamplaí de na tuairiscí seo.

## 2. Iarratais ar threalamh i dtaobh gach saghais eile de mhíchumas

Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, iarratas a sheoladh ar aghaidh ar gach saghas trealamh eile a d’fhéadfadh bheith ag teastáil le haghaidh linbh atá faoi mhíchumas. Ba cheart go ngabhfadh tuairisc ghearr ag gairmí ainmnithe le hiarratas a shonraíonn an trealamh cruinn a lorgaítear agus a dheimhníonn an méid a leanas:

- a) Tá an trealamh a bheartaítear riachtanach agus ríthábhachtach chun rannpháirtíocht an linbh a chumasú i gclár COLÓ sa réamhscoil ábhartha, agus
- b) Níl an trealamh a bheartaítear ar fáil cheana féin i suíomh na réamhscoile nó ní féidir é a aistriú chuig agus a úsáid i suíomh na réamhscoile.

Ar mhaithe le cuspóirí na catagóire seo, tá gairmí ainmnithe teoranta do na gairmeacha a leanas:

- (i) teiripeoir saothair a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS, nó
- (ii) fisiteiripeoir a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS.
- (iii) teiripeoir urlabhra agus teanga a oibríonn le haghaidh FSS nó thar ceann FSS, nó
- (iv) an chatagóir eile sin de ghairmí sláinte agus cúraim shóisialta a fhéadfaidh Pobal a aithint, i gcomhairle leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Sláinte, chun críocha na scéime seo.

Baineann na tuairiscí ó ghairmí ainmnithe thuas go sonrach leis an leanbh COLÓ a ainmnítear san iarratas agus baineann siad go sonrach le suíomh na réamhscoile. Is féidir teacht ar shamplaí de na tuairiscí sna hagusíní agus ar leathanach gréasáin AIM ag [www.preschoolaccess.ie](http://www.preschoolaccess.ie). **Ní féidir ach le FSS nó gairmithe cúram sláinte atá cistithe ag FSS nó Múinteoirí ar Cuairt de chuid an ROS na teimpléid seo a úsáid.**

Mura bhfuil ceann de na tuairiscí ó ghairmí ‘ainmnithe’ ag seirbhís/tuismitheoir, iarrtar ort Próifíl Rochtana agus Chuimsithe faoi Leibhéal 4 a chomhlánú sa chéad ásc, agus an tacaíocht a theastaíonn le haghaidh incháilitheacht leibhéal 5 a thabhairt chun airde.

## An tIarratas an Sheoladh ar Aghaidh

Sa mhír seo, iarrtar ort a dheimhniú, trí thic a chur sna boscaí a sholáthraítear agus sa chás go mbaineann sé le d’iarratas, go gcomhlíonann tú gach ráiteas a liostaítear san iarratas.

## Mír 5: Na Chéad Chéimeanna Eile agus Tacaíochtaí Breise

A luaithe a sheolann tú iarratas ar aghaidh, seolfar aitheantas chugat agus chuig an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir ar ríomhphost.

Déanfaidh Pobal athbhreithniú ar d'iarratas - agus féadfaidh foireann AIM teagmháil a dhéanamh leat chun soiléiriú nó breis faisnéise a fháil.

A luaithe a bhaintear cinneadh amach, seolfaidh Pobal litir faofa chugat nó cuirfidh sé ar an eolas thú sa chás nár éirigh le d'iarratas.

Má fhaomhtar thú agus ag brath ar cé acu an bhfuil an deontas le haghaidh mionathruithe nó trealaimh, eiseofar Comhaontú Deontais nó Comhaontú Caighdeánach Oibriúcháin don tseirbhís.

Tabharfar cuntas i gcomhaontuithe deontais le haghaidh mionathruithe ar na riachtanais tuariscithe agus chomhlíonta.

### Tacaíochtaí Breise:

Mura bhfuil tú cinnte faoi cibé acu ar cheart nó nár cheart duit iarratas a dhéanamh ar Dheontas Caipitil Leibhéal 5 nó má bhíonn aon cheisteanna breise agat faoi AIM, tá tacaíocht bhreise ar fáil ó:

- Do Choiste áitiúil Cúram Leanaí Contae – féach leathanach gréasáin AIM ag [www.preschoolaccess.ie](http://www.preschoolaccess.ie) chun teacht ar shonraí teagmhála.
- Pobal agus Speisialtóirí Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) Guthán: 01 511 7222